

# Caibidil 12

## Gníomhú ar son na hAeráide

*"Beartais agus cuspóirí éifeachtacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, tacú leo agus iad a threorú, beartais agus cuspóirí a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí aeráide a fheabhsú ar fud na lonnaíochtaí agus na bpobal i gContae Lú, chun cabhrú leo cur leis na hoibleagáidí atá ar an Stát aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de, agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, trí bhreithniúcháin agus bearta maolaithe agus oiriúnaithe oiriúnacha a spreagadh agus a chomhtháthú i ngach forbairt."*

# 12 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

## 12.1 RÉAMHRÁ

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an gcur chuige a bhfuil glactha leis sa Phlean seo maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus an t-athrú aeráide a mhaolú. Ceann de chuspóirí straitéiseacha an Phlean é aistriú chuig Contae ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, trí mheascán de bhearta maolaithe agus oiriúnaithe mar fhreagairt don athrú aeráide.

Ceanglaíonn Alt 10(2)(n) *d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* go mbeadh cuspóirí san áireamh i bPleananna a thacaíonn le bearta chun cainníocht fhoriomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineach a laghdú agus a dhéileálann leis an riachtanas a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide.

## 12.2 CÉARD É ATHRÚ AERÁIDE?

Is éard atá i gceist le hAthrú Aeráide an t-athrú fadtéarmach ar phatrúin dhomhanda nó réigiúnacha aeráide agus d'fhéadfaí an téarma 'téamh domhanda' a úsáid chomh maith céanna. Is éard atá i gceist le haeráid na meánchoinníollacha aimsire atá le tabhairt faoi deara i gceantar áirithe thar thréimhse ama. Is athrú suntasach ar phatrúin aimsire é Athrú Aeráide, cosúil le titim báistí, teocht agus / nó gaoth, a bhíonn le tabhairt faoi deara thar thréimhse fhada ama (i.e. tréimhsí deich mbliana nó níos faide). Tá aeráid an Domhain ag athrú an t-am ar fad. Is eol dúinn go dtarlaíonn luaineachtaí aeráide mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha lena n-áirítear fithis agus claonadh an Domhain, brúchtaí bolcánacha agus athruithe grianfhuinnimh. Le blianta beaga anuas, áfach, tá níos mó imní ar dhaoine go bhfuil níos mó mearghníomhaíochtaí daonna ná luaineachtaí nádúrtha ag tarlú, gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar éagsúlacht aeráide agus atá mar bhonn le himpleachtaí tromchúiseacha ar ráta an téimh dhomhanda.

Tá fianaise ar scála an dúshláin atá á chruthú ag athrú aeráide le fáil ar fud an domhain i bhfoirm na dteagmhas aimsire tromchúiseach, scriosach agus adhaimsire atá nasctha mar éifeachtaí le téamh domhanda.

> Tá leibhéal ard feasachta agus tuisceana ar an ngá atá le gníomhú práinneach agus radacach ar son na haeráide trí mheascán de bhearta maolaithe agus oiriúnaithe.

Tá aeráid na hÉireann ag athrú de réir treochtaí domhanda agus táthar ag súil go leanfaidh éifeachtaí an athraithe seo ar aghaidh agus go n-éireoidh siad níos déine sna blianta beaga amach romhainn.

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le Maolú ar an Athrú Aeráide - 'idirghabháil dhaonna a bhfuil sé mar aidhm léi foinse na linnte gás ceaptha teasa a laghdú nó na linnte sin a fheabhsú' (IPCC, 2014), i.e. dul i ngleic le cúis an athraithe aeráide. Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le hOiriúnú don Athrú Aeráide - 'an próiseas a bhaineann le dul in oiriúint don aeráid iarbhír nó ionchais agus a héifeachtaí. I gcórais dhaonna, tá sé mar aidhm le hoiriúnú srian a chur le díobháil nó díobháil a sheachaint nó tairbhe a bhaint as deiseanna fóinteacha. I gcórais nádúrtha áirithe, d'fhéadfadh idirghabháil dhaonna oiriúnú chuig an aeráid ionchais agus a héifeachtaí a éascú' (IPCC, 2014) i.e. déileáil le héifeachtaí agus tionchair dhosheachanta an athraithe aeráide.

Tá Comhairle Contae Lú airdeallach ar an tuiscint dhomhanda nach féidir linn leanúint ar aghaidh ag maireachtáil mar atáimid i láthair na huaire.

Tá an costas tubaisteach atá á íoc ag an domhan mar thoradh ar an athrú aeráide ag cur shaol na nglúnta amach anseo i mbaol.

Tríd an gCairt um Ghníomhú ar son na hAeráide (cuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann) a shíniú ar an 29 Deireadh Fómhair 2019, chomhaontaigh Comhairle Contae Lú ról a bheith aici ag leibhéal áitiúil i bpobail, gnóthaí agus forbróirí a threorú chun maolú agus oiriúnú a chinntiú i ndáil leis an gcineál saoil atá á chaitheamh againn agus obair a dhéanamh ar mhaithe lena chinntiú go mbeimid ag feidhmiú ar bhealach níos inbhuanaithe, ar bhealach atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus ar bhealach atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Tá ról tábhachtach agus lárnach ag spásphleanáil i mbearta oiriúnaithe don athrú aeráide agus maolaithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.

## 12.3 Comhthéacs Reachtúil

### 12.3.1 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Tagraítear in *Alt 10(2)(n) den Acht* do chuspóirí éigeantacha i bplean forbartha le haghaidh cur chun cinn straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair i gceantair uirbeacha agus thuaithe lena n-áirítear bearta a chur chun cinn a bhfuil na haidhmeanna seo a leanas luaite leo:

- Éileamh fuinnimh a laghdú mar fhreagairt don dóchúlacht go méadóidh costais fuinnimh agus costais eile mar thoradh ar mheath fadtéarmach ar acmhainní in-athnuaite;
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineach a laghdú; agus
- Déileáil leis an riachtanas a bhaineann le dul in oiriúint d'athrú aeráide, go háirithe, ag féachaint do shuíomh, leagan amach agus dearadh forbairt nua.

## 12.4 Comhthéacs na Reachtaíochta agus an Bheartais Idirnáisiúnta

### 12.4.1 Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCC) (1992)

Conradh idirnáisiúnta timpeallachta ba ea é seo ar glacadh leis ar an 9 Bealtaine 1992 agus a tháinig i bhfeidhm ar an 21 Márta 1994 i ndiaidh é a dhaingniú. Glactar leis gur ábhar imní don duine é athrú ar aeráid an domhain agus a éifeachtaí díobhálacha agus tá na príomhchuspóirí achoimrithe i gcobhsú na gcomhchruinnithe gás ceaptha teasa (GHG) san atmaisféar ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar chur isteach dainséarach antrapaigineach ar an gcóras aeráide.

Fiafraíodh de thíortha tionsclaithe glacadh le beartais agus bearta maidir le maolú agus tuairisciú ar bhonn tréimhsiúil.

### 12.4.2 Prótacal Kyoto 1997

Glacadh leis an bprótacal seo ar an 11 Nollaig 1997 agus mar gheall ar an bpróiseas daingnithe chasta a bhain leis níor tháinig sé i bhfeidhm go dtí an 16 Feabhra 2005, agus cuireann sé chun feidhme phrionsabail Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide trí náisiúin thionsclaithe (tíortha forbartha) a shainordú chun a n-astaíochtaí GHG a shrianadh agus a laghdú de réir na spriocanna aonair comhaontaithe.

Faoi phrionsabal "na freagrachta coitinne ach difreálaithe agus cumas faoi seach," sainaithníodh sa phrótacal gurb iad na náisiúin forbartha na príomh-rannpháirtithe a bhí ag cur le dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) agus GHG eile a scaoileadh san atmaisféar. Fiafraíodh de náisiúin atá i mbéal forbartha an prionsabal a chomhlíonadh go deonach.

### 12.4.3 Comhaontú Pháras 2015

Comhaontaíodh an comhaontú seo atá ceangailteach ó thaobh dlí, a bhfuil 195 sínitheoir luaite leis, ar an 12 Nollaig 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 4 Samhain 2016. Áirítear ann gealltanais ó gach príomhthír astaithe ardú ar an teocht dhomhanda a choinneáil go maith faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch i rith na haoise seo, agus ag an am céanna bealaí a aimsiú chun an méadú a theorannú go 1.5°C. Chomh maith leis sin, cruthaíonn an conradh creat a éascaíonn faireachán trédhearcach, tuairisciú, súil a choinneáil ar iarrachtaí agus rannpháirtíocht cuspóirí aeráide aonair agus comhpháirteacha tíortha, cuspóirí a bhfuil sé mar aidhm leo téamh domhanda a laghdú.

Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm leis an gcomhaontú seo cumas tíortha déileáil le tionchair an athraithe aeráide a neartú.

Cuimsítear i bpacáiste Katowice ar glacadh leis ag comhdháil aeráide na Náisiún Aontaithe (COP24) i mí na Nollag 2018 rialacha coiteanna agus mionsonraithe, nósanna imeachta agus treoirlínte atá mar bhonn le feidhmiú Chomhaontú Pháras.

*Figiúr 12.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2015*



### 12.4.4 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe 2015

Déileálann an 17 SFI atá ag croílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe leis na dúshláin timpeallachta, gheilleagracha agus shóisialta nach mór don domhan déileáil leo faoi 2030. Ghlac gach Ballstát den Náisiún Aontaithe le SFInna in 2015, agus tagraíonn SFI 13 do ghníomhú ar son na haeráide agus an gá atá le gníomhú ar bhonn práinne chun an t-athrú aeráide agus na tionchair atá aige a chomhrac. Tacaíonn Éire le tionscnaimh de chuid Chomhaontú Pháras agus SFInna na Náisiún Aontaithe, a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le tíortha i mbéal forbartha na cuspóirí seo a chomhlíonadh.

### 12.4.5 Straitéis 2013 an AE maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide

Tá fáilte curtha ag ballstáit an AE roimh an straitéis seo a bhfuil sé mar aidhm léi a chinntiú go mbeidh an Eoraip níos seasmhaí ó thaobh na haeráide de trí dhíriú ar 3 phríomhchuspóir:

- Tacú le gníomh sna Ballstáit agus tacú le hoiriúnú i gcathracha trí thionscnamh Chúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh (Bunaíodh CMCE i ndiaidh glacadh le Pacáiste Aeráide agus Fuinnimh an AE 2020);
- Gníomh 'díonadh aeráide' ag leibhéal AE; agus
- Cinnteoireacht níos eolasaí.




### 12.4.6 Creat Aeráide & Fuinnimh 2020 agus 2030 AE

Is tacar de reachtaíocht cheangailteach é pacáiste aeráide agus fuinnimh 2020 a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go gcomhlíonann an AE a chuid spriocanna don bhliain 2020. Áirítear i measc na spriocanna sin:

- Laghdú 20% ar astaíochtaí GHG (i gcomparáid le leibhéil 1990);
- Go mbeadh 20% d'fhuinneamh an AE ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite (Faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh in-Athnuaite 2009/28/CE, tá Éire tiomanta do 16% ar a laghad den fhuinneamh ar fad a bheidh in úsáid a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020); agus
- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 20%.

D'fhoilsigh Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI - foinse oifigiúil sonraí fuinnimh na hÉireann) a nuashonrú 2020 maidir le Fuinneamh In-athnuaite in Éirinn ar an 19 Aibreán 2020. Trí úsáid a bhaint as sonraí 2018, tugtar le fios go bhfuil an chuma ar an scéal nach n-éireoidh le hÉirinn a sprioc 2020 maidir le fuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh de bhrí nár tháinig ach 11% d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus gurb é 13% an céatadán atá tuartha a bheidh i gceist faoin mbliain 2020. Ar an 5 Márta 2020, d'fhoilsigh SEAI a thuarascáil maidir le hAstaíochtaí $CO_2$ bainteach le Fuinneamh in Éirinn. Léiríodh sa tuarascáil seo gur laghdaigh astaíochtaí $CO_2$ bainteach le fuinneamh beagán in 2018, de réir mar a mhéadaigh úsáid fuinnimh. Tharla sé seo mar gheall ar an meascán breoslaí a bhí in úsáid - níos mó fuinnimh in-athnuaite agus níos lú guail. Níor leor an laghdú foriomlán, áfach, d'fhonn a chinntiú go n-éireoidh le hÉirinn a cuspóir dícharbónaithe fadtéarmach a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, tuairiscíodh i dTuarascáil Réamh-Mheastachán Náisiúnta 2019, bunaithe ar an treocht reatha, gur dócha go mbeidh gnóthachtáil éifeachtúlachta fuinnimh cothrom le 16% in 2020, i gcomparáid leis an sprioc ceangailteach coigilte fuinnimh de 20% atá sonraithe ag an AE. I dtuarascálacha SEAI, áfach, úsáidtear sonraí a bhaineann le 2018, tréimhse sular foilsíodh Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 an Rialtais, ag a bhfuil an poitéinseal treochtaí a athrú ó bhonn agus cabhrú le hÉirinn a spriocanna le haghaidh na tréimhse idir 2030 – 2050 a chomhlíonadh.

Áirítear i gcreat 2030 spriocanna agus cuspóirí beartais AE le haghaidh na tréimhse idir 2021-2030 a áirítear ina measc:

- 40% laghdú, ar a laghad, ar GHG (i gcomparáid le leibhéil 1990);
- Cion 32% ar a laghad le haghaidh fuinneamh in-athnuaite; agus
- Feabhas 32.5% ar a laghad ar éifeachtúlacht fuinnimh.

### 12.4.7 An Comhaontú Glas don Eoraip (CGE)

Cuireadh an Comhaontú i láthair ar an 11 Nollaig 2019, agus sonraítear ann conas is féidir a chinntiú gurb í an Eoraip an chéad ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2050, a spreagfaidh an geilleagar, a fheabhsóidh caighdeán saoil daoine, a thabharfaidh aire don dúlra agus a chinnteoidh go mbeifear ag tacú le gach duine. Sonraítear ann treochlár le gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo úsáid éifeachtúil acmhainní a spreagadh trí gheilleagar glan, ciorclach a chruthú, bithéagsúlacht a athbhunú agus truailliú a laghdú.

Déantar cur síos ann ar na hinfheistíochtaí a theastaíonn, na huirlisí airgeadais atá ar fáil, agus mínítear conas is féidir aistriú cóir agus cuimsitheach a chinntiú.

Ionas gur féidir an sprioc a bhaineann le bheith neodrach ó thaobh carbóin de a chomhlíonadh faoin mbliain 2050 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, ar an 4 Márta 2020, mhol Coimisiún an Aontais Eorpaigh (AE) an chéad Dlí Aeráide Eorpaí a bhunú agus an sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha faoin mbliain 2050 a bheith ceangailteach ó thaobh dlí.

Chomh maith leis sin, déileálann an Dlí Aeráide le roinnt céimeanna atá riachtanach chun sprioc 2 2050 a chomhlíonadh mar seo a leanas:

- Bunaithe ar mheasúnú tionchair chuimsithigh, molfaidh an Coimisiún sprioc AE nua maidir le laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa 2030. Leasófar an chuid seo den Dlí nuair a bheidh an measúnú tionchair curtha i gcrích.
- Molann an Coimisiún go nglacfaí le treocht AE 2030-2050 maidir le laghduithe gás ceaptha teasa, chun dul chun cinn a thomhas agus intuarthacht a chur ar fáil d'údaráis phoiblí, gnóthaí agus saoránaigh.

Is é an aidhm atá leis an dlí seo a chinntiú go gcabhraíonn gach beartas AE leis an gcuspóir seo a chomhlíonadh agus go bhfuil ról dá gcuid féin ag gach earnáil den gheilleagar agus den tsochaí. Ansin d'fhéadfaí an sprioc a chur san áireamh ina dhiaidh sin trí thograí reachtacha earnálacha.

## 12.5 Comhthéacs Beartais Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

Sonraítear na doiciméid beartais ábhartha a bhaineann leis an Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil sna foilseacháin seo a leanas.

### 12.5.1 An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2012)

Ba é an creat neamhreachtúil seo an chéad chreat um oiriúnú don athrú aeráide a chuir Éire i dtoll a chéile, ina soláthraítear béim ar bheartas straitéiseach a bhfuil sé mar aidhm leis leochaileacht na hÉireann don athrú aeráide a laghdú, trína chinntiú gur cuireadh gníomhaíochtaí oiriúnaithe i gcrích i bpríomhearnálacha ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Sainaithníodh 12 earnáil a raibh pleananna um oiriúnú don athrú aeráide le n-ullmhú acu.

Chomh maith leis sin, sa chreat seo glactar leis an tábhacht a bhaineann le ról na pleanála agus na forbartha i rannpháirtíocht iomlán príomhpháirtithe leasmhara ionas go mbeidh ar a gcumas cuspóirí athraithe aeráide a chomhlíonadh agus gníomh oiriúnaithe a dhéanamh ag leibhéal áitiúil.

### 12.5.2 Staid Beartais Náisiúnta maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2015

Bunaítear sa bheartas seo an bunchuspóir náisiúnta a bhaineann le haistriú chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, seasmhach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin mbliain 2050.

Foilsíodh an beartas seo i mí Aibreáin 2014, agus tá treoir beartais forbartha ann ó NCCAF don Rialtas gur cheart glacadh le pleananna a chuirfidh ar chumas na hÉireann aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin faoin mbliain 2050 agus na pleananna sin a chur chun feidhme. Samhlaítear sa Staid Beartais Náisiúnta go mbeidh forbairt beartais á treorú ag fís fhadtéarmach a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Laghdú comhiomlán ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO2) de 80% ar a laghad (i gcomparáid le leibhéil 1990) faoin mbliain 2050 sna hearnálacha seo a leanas - giniúint leictreachais, an timpeallacht thógtha agus iompar; agus
- Ar aon dul leis seo, glacfar le cur chuige maidir le neodracht ó thaobh carbóin de san earnáil talmhaíochta agus talamhúsáide, lena n-áirítear foraoiseacht, nach ndéanann damáiste d’acmhainn a bhaineann le táirgeadh bia inbhuanaithe.

Leagtar béim sa Chuspóir Beartais Náisiúnta ar an ngá atá le dearcadh fadtéarmach, ag féachaint inter alia do na hoibleagáidí reatha agus todhchaíocha faoi chomhaontuithe AE nó idirnáisiúnta, mar aon leis an riachtanas geilleagrach a bhaineann le gníomh luath agus costéifeachtach.

### 12.5.3 Páipéar Bán maidir le Fuinneamh 2015

Sonraítear sa Phaipéar Bán, a foilsíodh in 2015, maidir le Beartas Fuinnimh - ‘Aistriú na hÉireann go Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin 2015-2030’ creat a threoróidh beartas fuinnimh sa tréimhse idir seo agus 2030. Ar mhaithe le cuspóirí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, tarraingítear aird sa pháipéar seo ar an gclaochlú cuimsitheach atá ag teastáil ó chóras fuinnimh na hÉireann.

### 12.5.4 An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015

Céim mhór chun cinn i ndáil le forbairt an bheartais um athrú aeráide in Éirinn ba ea an tAcht seo. Is ann atá an bonn reachtach a bhaineann leis an gcuspóir náisiúnta atá sonraithe sa Staid Beartais Náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leis aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach faoi mbliain 2050. Ba é a bhí mar bhonn leis an riachtanas éigeantach sraith leanúnach Creataí Náisiúnta um Oiriúnú (CNOnna) a chur i dtoll a chéile agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena bhfaomhadh, a threoróidh an beartas a bhaineann le hastaíochtaí GHG a laghdú agus oiriúnú don athrú aeráide.

De réir Alt 8 den Acht, ar an 18 Eanáir 2016 bunaíodh Comhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC) ag a bhfuil feidhm feidhmíochta neamhspleách, a sholáthraíonn comhairle agus moltaí maidir le tuairisciú maidir le dul chun cinn chun an cuspóir náisiúnta a

Ní mór freisin, go gcinnteodh na pleananna agus creataí seo go bhfuil an cuspóir náisiúnta á chomhlíonadh trí bhearta atá costéifeachtach a chur chun feidhme.

### 12.5.5 Creat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO 2018)

Forbraíodh an Creat seo faoi *an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015* agus glacadh leis ar an 19 Eanáir 2018, agus is í seo an chéad straitéis náisiúnta um oiriúnú a cuireadh i dtoll a chéile in Éirinn a chuireann leis an obair a cuireadh i gcrích faoi NCCAF 2012, agus ina sonraítear cur chuige uile-Rialtais agus uile-shochaíoch maidir le hoiriúnú don athrú aeráide in Éirinn.




Tá sé mar aidhm le CNO leochaileacht an Stáit do thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú agus tairbhe a bhaint as aon éifeachtaí dearfacha a d’fhéadfadh a bheith i gceist.

Beidh roinnt rann Rialtais freagrach as pleananna earnála um oiriúnú a ullmhú, ‘Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Oidhreacht Sheandálaíoch’ (2019), mar shampla.

Tá údaráis áitiúla freagrach as déileáil le hathrú aeráide ag leibhéal áitiúil trína straitéisí áitiúla um oiriúnú don athrú aeráide a ullmhú. Cosúil leis an bPlean Náisiúnta Muirí (PNM), déanfar athbhreithniú ar CNO gach cúig bliana.

De réir Ghníomh 8 de CNO agus Ghníomh 9 den PNM, bunaíodh 4 Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROnna) in 2018 chun dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil in Éirinn. Tá gach ceann á fheidhmiú ag Údarás Áitiúil agus tacaíonn siad le hullmhú straitéisí áitiúla um oiriúnú.

### 12.5.6 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP)

Is plean Rialtais é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a foilsíodh ar an 17 Meitheamh 2019 agus atá deartha chun cur ar chumas na hÉireann a gealltanais AE maidir le hathrú aeráide a chomhlíonadh, trí bheartais rialtais carbóndhíonta agus buiséid charbóin a bhunú. Tá 183 gníomh beartais aonair a bhaineann le 12 earnáil agus a bhfuil sé mar aidhm leo dul i ngleic le hathrú aeráide de réir na n-amlínte sonraithe, chun astaíochtaí carbóin a laghdú 30% idir 2021 agus 2030 agus iarracht a dhéanamh astaíochtaí nialasacha a chinntiú faoin mbliain 2050. Foilsítear tuarascálacha mionsonraithe ar dhul chun cinn gach ráithe ar mhaithe le soláthar agus cuntasacht a chinntiú.


Déanfaidh an bord um Sholáthar Ghníomhú ar son na hAeráide, faoi stiúir Roinn an Taoisigh, monatóireacht ar dhul chun cinn agus sainaithneoidh sé ábhair imní agus dúshláin. Ciallaíonn na gníomhartha atá sonraithe sa phlean seo, má chuirtear chun feidhme iad, go mbeidh ar chumas na hÉireann agus go mbeidh sí níos muiníní chomh fada is a bhaineann le spriocanna 2030 agus 2050 a réadú agus a chomhlíonadh.

Ciallaíonn an príomhdhoiciméad seo go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta i gcomhthéacs iarrachtaí idirnáisiúnta Sprioc 13 Forbairt Inbhuanaithe a chomhlíonadh – an gá atá le gníomh práinneach a dhéanamh chun athrú aeráide agus a impleachtaí a chomhrac.

Tá roinnt príomhbheart atá sainaitheanta sa phlean curtha i gcrích cheana féin lena n-áirítear an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide a bheith sínithe ag an 31 Údarás Áitiúil in Éirinn.

Ar an 19 Nollaig 2019, d'fhaomh an Rialtas foilsiú na Scéime Ginearálta le haghaidh Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide (Leasú) 2019. Tá sé mar aidhm leis an mBille an cur chuige atá sonraithe i CAP a chumhdach.

**Figiúr 12.1 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide – chun dul i ngleic leis an gCliseadh Aeráide**




**Foinse: Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO)**

## 12.5.7 An Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAC)

Síníodh an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide le haghaidh Lú in 2019. Admhaítear sa Chairt go bhfuil Athrú Aeráide ag tarlú agus nach mór gníomhartha a chur i gcrích chun ár n-aeráid athraitheach a mhaolú agus a oiriúnú. Ní mór go mbeimis, mar Náisiún, níos inbhuanaithe i ndáil leis na gníomhartha atá á gcur i gcrích againn agus a chinntiú go bhfuil Athrú Aeráide ag croílár ár straitéisí, beartas, pleananna agus cinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar fad. Ní mór gach Caibidil sa Phlean Forbartha Contae seo a léamh i dteannta leis an gCairt um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ní mór dúinn ár gContae a phleanáil agus a fhorbairt ag féachaint don athrú aeráide, lena n-áirítear oiriúnú, maolú agus feabhas ag an gcroílár.

Mar Náisiún agus mar Chontae ní mór dúinn impleachtaí aeráide diúltacha a laghdú agus feabhsú/maolú aeráide a chur chun cinn agus a bheith seasmhach ó thaobh na haeráide de nuair a bhíonn pleanáil ar siúl againn.

Tacaíonn na gníomhartha atá mionsonraithe sa Chairt le gach beartas, cuspóir, sprioc agus straitéis den Phlean seo agus gach plean straitéiseach eile is cuma más pleananna áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta atá i gceist.

### 12.5.8 Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Lú 2019-2024 (CCAS)

Is cuid den Chreat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO) é Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Lú 2019-2024 a foilsíodh mar fhreagairt d'fhorálacha Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015. Tá CCAS Lú forbartha de réir Threoirlínte Forbartha Straitéis um Oiriúnú na nÚdarás Áitiúil na Roinne Pobal, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil (DCCAE) agus ghlac comhaltaí tofa Chomhairle Contae Lú leis ar an 16 Meán Fómhair 2019. Is cur chuige comhoibríoch é i ndáil le hathrú aeráide i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Sonraítear ann bearta Lú chun a limistéar feidhmiúil agus saoránaigh a oiriúnú agus a chosaint ó éifeachtaí reatha agus todhchaíocha an athraithe aeráide agus tá sé bunaithe ar 6 réimse théamacha.

Chomh maith leis sin, tá Toradh Straitéiseach Náisiúnta (TSN) 8 de réir an Chuspóra Forbartha Inbhuanaithe maidir le hathrú aeráide:

"Chun na TSNanna a gcuimsítear dlúthfhás, soghluaisteacht inbhuanaithe agus aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de iontu, tá ciste tiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide ag Tionscadal Éireann 2040 mar aon le plean infheistíochta caipitil deich mbliana."

Tá cuspóirí sonracha agus gníomhartha oiriúnaithe ag tacú leo chun a dtorthaí inmhianaithe a chomhlíonadh. Tá sé mar aidhm le CCAS eolas a chur ar fáil le haghaidh pleananna agus beartas reatha atá curtha i dtoll a chéile agus curtha chun feidhme ag Comhairle Contae Lú nó iad a dhéanamh 'aeráid-díonach'.

### 12.5.9 Tionscadal Éireann 2040 (Creat Náisiúnta Pleanála-CNP)

Is é seo plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais chun tacú le fás agus forbairt ár gcontae idir seo agus an bhliain 2040. Aithnítear sa chreat seo an tábhacht a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus an nasc leis an bpróiseas pleanála, a sholáthraíonn modh bunaithe trínar féidir cuspóirí athraithe aeráide a chur chun feidhme agus a chomhtháthú, lena n-áirítear oiriúnú ag leibhéal áitiúil.

Sonraítear ann fís aonair, tacar comhroinnte cuspóirí i bhfoirm 10 dToradh Straitéiseacha Náisiúnta TSN) agus is i TSN uimhir 8 a shainaithnítear an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de faoin mbliain 2050.

Beidh an cuspóir seo ag tacú le roghanna infheistíochta sna blianta amach romhainn de réir an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú.

Beidh córais fuinnimh agus eangacha tarchuir nua ag teastáil le haghaidh córas giniúna fuinnimh níos dáilte, níos inbhuanaithe, a bhaineann tairbhe as an bpoitéinseal suntasach cósta agus eischósta a bhaineann le foinsí fuinnimh cosúil leis an ngaoth, tonnta agus an ghrian a nascann na foinsí is saibhre den fhuinneamh sin leis na príomhfhoinsí éilimh.

### 12.5.10 An Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach (RSES) – Comhthionól Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre (EMRA)

Aithnítear in RSES an dúshlán domhanda a bhaineann le hathrú aeráide agus tá EMRA tiomanta don réigiún a fhorbairt mar réigiún ísealcharbóin, ciorclach agus seasmhach ó thaobh na haeráide de. Tacaíonn RSES le cur chun feidhme NPF (Tionscadal Éireann 2040) trí fhreagairtí beartais oiriúnacha a sholáthar i bhfoirm Cuspóirí Beartais Réigiúnacha (CBR). Sonraítear in RSES 16 Chuspóir Straitéiseacha Réigiúnacha (CSRanna) atá ailínithe le beartas idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta.

Tá CSRanna eagraithe i 3 chatagóir - Deis Gheilleagrach, Comhfhorbairt Áite Sláintiúil agus Gníomhú ar son na hAeráide.

Faoi Ghníomhú ar son na hAeráide, sainaithnítear in RSES 6 CSR:

**CSR 6** – Iompar agus Talamhúsáid Chomhtháite,

**CSR 7** – Bainistíocht Inbhuanaithe Acmhainní Uisce, Dramhaíola agus Timpeallachta eile,

**CSR 8** – Cur le Seasmhacht ó thaobh na hAeráide de,

**CSR 9** – Tacú leis an Aistriú chuig Geilleagar Ísealcharbóin agus Fuinneamh Glas,

**CSR 10** – Bonneagar Glas Feabhsaithe, agus

**CSR 11** – Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Nádúrtha.

Cabhróidh soláthar maoinithe Eorpach agus Náisiúnta le cur i gcrích CSRanna RSES. Oibreoidh EMRA i dlúthpháirt leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROnna) nuacheaptha a chinnteoidh comhleanúnachas agus comhordú le RSES nuair a bheidh pleananna réigiúnacha um oiriúnú don athrú aeráide á bhforbairt.

Chomh maith leis sin, sonraítear in RSES 5 CBR sonrach maidir leis an Athrú Aeráide le haghaidh Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre (CBR 7.30 – CBR 7.34).

Cuimsítear i measc phríomhghnéithe an chláir:

- Gealltanas tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip;
- Earnáil na Gaoithe Eischósta;
- Tús Áite do Lár Bailte;
- Aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin;
- Rialachas Aeráide;
- Níos mó béime ar chosaint na Bithéagsúlachta agus na hoidhreachta nádúrtha; agus
- Dlús a chur le leictriúchán an chórais iompair.

### 12.5.11 Clár an Rialtais 2020

Leagtar béim shuntasach i gClár an Rialtais ar ghníomhú ar son na haeráide agus cuirtear an t-athrú aeráide ag croílár uaillmhianta an Rialtais nua. Ag croílár an chláir seo tá gealltanas maidir le laghdú 7% ar an méan in astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa idir 2021-2030.

Tugtar gealltanas sa chlár seo do mhéadú 10-n-uaire sa chlár náisiúnta iarfheistithe, agus é mar aidhm a chinntiú go gcomhlíonann 500,000 teach in Éirinn caighdeán B2 ar a laghad as seo go ceann 10 mbliana.

Tá an sainchúram um ghníomhú ar son na haeráide laistigh de Chlár an Rialtais ginearálta agus tagraítear ann do gach gné den tsochaí agus den gheilleagar.

Ceann de na príomhghnéithe é gealltanas maidir le hastaíochtaí glan-nialasacha faoin mbliain 2050 atá cumhdaithe i mBille nua um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Chomh maith leis sin, tugtar gealltanas an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a nuashonrú ar bhonn bliantúil agus tuairisciú a dhéanamh ar bhonn ráithiúil. Dírítear i gClár an Rialtais ar athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht maidir le fuinneamh in-athnuaite agus é mar aidhm dlús a chur leis an bpróiseas a bhaineann le gaoth ar an talamh, grianfhuinneamh agus gaoth eischósta, agus tá reachtaíocht á bunú freisin chun srian a chur le tionscail atá dian ar charbón lena n-áirítear eastóscadh gáis, iompórtáil gás scealla, stóráil ghás LPG agus baint móna.

## 12.6 Cuspóirí Straitéiseacha um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe um ghníomhú ar son na haeráide comhtháite i mBeartais an Phlean. Tacaíonn na Beartais ábhartha leis na Cuspóirí Straitéiseacha uileghabhálacha seo a leanas.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 1** | Beartais agus cuspóirí éifeachtacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, tacú leo agus iad a threorú, beartais agus cuspóirí a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí aeráide a fheabhsú ar fud na lonnaíochtaí agus na bpobal i gContae Lú, chun cabhrú leo cur leis na hoibleagáidí atá ar an Stát aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de, agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, trí bhreithniúcháin agus bearta maolaithe agus oiriúnaithe oiriúnacha a spreagadh agus a chomhtháthú i ngach forbairt. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 2** | Obair a dhéanamh chun cuspóirí straitéiseacha *an Chreata Náisiúnta Pleanála* agus *Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach an Oirthir agus Lár na Tíre* a aistriú, tacú léi agus iad a chur i bhfeidhm chun creat forbartha áitiúil a chumasú a chinntíonn an méid seo a leanas:<br>• Tacú le breithniúcháin thábhachtacha aeráide i gcinntí forbartha agus pleanála áitiúla agus iad a chomhtháthú;<br>• Tacú le beartas agus spriocanna aeráide náisiúnta an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (mar atá leasaithe agus nuashonraithe) agus le soláthar an chuspóra náisiúnta aistrithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 3** | Beartais a chur chun feidhme ar bhonn gníomhach a thacaíonn le agus a spreagann dlúthfhás agus patrúin lonnaíochta, a chomhtháthaíonn talamhúsáid agus iompar, agus a bhaineann lántairbhe as forbairt suímh, foirm, leagan amach agus dearadh chun seasmhacht in aghaidh an athraithe aeráide a chinntiú agus chun dé-ocsaíd charbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 4** | Tacú leis an obair atá ar bun ag Comhairle Contae Lú sna réimsí seo a leanas:<br>• Tuiscint láidir a fhorbairt ar phríomhrioscaí agus ar phríomhleochaileachtaí an Chontae d'impleachtaí diúltacha an athraithe aeráide<br>• Cur chun feidhme gníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe na straitéise a bhfuil sé mar aidhm leo seasmhacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt i bpobail áitiúla agus<br>• Tacú le comhtháthú breithniúchán éifeachtach oiriúnaithe agus maolaithe i bpróisis chinnteoireachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 5** | Tacú go gníomhach le cuir chuige atá bunaithe ar an dúlra agus le réitigh bonneagair ghlais agus iad a spreagadh mar bhearta inmharthana maolaithe agus oiriúnaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, acmhainn oiriúnaitheach éiceachóras a mhéadú agus na buntáistí ilghnéitheacha a bharrfheabhsú ar na bealaí seo a leanas:<br>• Caomhnú, cur chun cinn agus athchóiriú na timpeallachta nádúrtha,<br>• Cur chuige seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú agus timpeallachtaí maireachtála sláintiúla a chur chun cinn trí nasc feabhsaithe leis an dúlra agus áineas/caitheamh aimsire,<br>• Bithéagsúlacht a fheabhsú i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe,<br>• Cabhrú le bainistíocht uisce agus bainistíocht riosca i gcás tuilte,<br>• Stóráil nó ceapadh carbóin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 6** | Caipitliú ar na deiseanna geilleagracha le haghaidh Chontae Lú a eascraíonn as an dul chun cinn timpeallachta agus teicneolaíocha atá riachtanach chun tacú le haistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de agus go háirithe, deiseanna a eascraíonn as cur chun feidhme agus aistriú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus plean téarnaimh iar COVID-19, Ionstraim Théarnaimh an AE, chuig beartas náisiúnta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 7** | Tionscnaimh agus tionscadail dhearfacha um ghníomhú ar son na haeráide atá á dtreorú ag an bpobal a chur chun cinn agus a spreagadh a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, bonneagar glas a fheabhsú agus aird a tharraingt ar shaincheisteanna maidir le hathrú aeráide. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 8** | Iarracht a dhéanamh tionscadail nó tionscnaimh a shainaithint a chabhróidh le spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh agus maoiniú a lorg nó tacú le haon iarratais mhaoinithe le haghaidh chur chun feidhme na dtionscnamh seo ó fhoinsí atá ar fáil lena n-áirítear Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide na Roinne Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide. |

## 12.7 Maolú agus Oiriúnú an Athraithe Aeráide

Is gníomhaíochtaí ar leith ach comhlántacha iad maolú agus oiriúnú an athraithe aeráide.

### 12.7.1 Maolú an Athraithe Aeráide

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le Maolú an Athrú Aeráide - 'idirghabháil dhaonna a bhfuil sé mar aidhm léi foinse na linnte gás ceaptha teasa a laghdú nó na linnte sin a fheabhsú' (IPCC, 2014), i.e. dul i ngleic le cúis an athraithe aeráide.

Tá dualgas ar gach duine againn méid an athraithe aeráide fadtéarmach a mhaolú trí ghníomhartha a chur i gcrích chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus chun acmhainn linnte carbóin cosúil le foraoisí a mhéadú.

Tá maolú aeráide chun tosaigh sa Phlean seo agus is é an aidhm atá ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sna príomhearnálacha. Tá d'acmhainn ag maolú aeráide buntáistí suntasacha sláinte agus geilleagracha a sholáthar cosúil le sláinte feabhsaithe, poist 'ghlasa' nua, iomaíochas feabhsaithe, aer níos glaine agus córais iompair phoiblí níos éifeachtúla i gcathracha, teicneolaíochtaí nua, foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh agus soláthairtí slána d'fhuinneamh dúchasach.

Tugtar breithmheas sa Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) in Imleabhar 5 den Phlean seo ar na héifeachtaí timpeallachta is dócha a bheidh ag an bPlean seo agus ar na roghanna malartacha réasúnacha a breithníodh.

Cuimsítear i gconairí maolaithe an athraithe aeráide i gCaibidil 4 de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 tacar comhtháite de bhearta laghdaithe sna cúig earnáil is mó a chuireann lenár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa:

Talmhaíocht, Iompar, Leictreachas, Timpeallacht Thógtha agus Tionscal/Fiontar.

Sainaithnítear sa rannóg seo den Phlean gach ceann de na beartais a chabhraíonn le gach ceann de na spriocanna atá sonraithe le haghaidh na n-earnálacha thuasluaite a comhlíonadh.

Ar leithligh leis na beartais a ailíníonn leis na cuspóirí atá sonraithe le haghaidh na gcúig earnálacha, cuimsítear sa Phlean cuspóir beartais sonrach chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus breithniú a dhéanamh ar leagan malartach den Phlean má theastaíonn a leithéid amach anseo.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GA 9** | Tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Glas an AE, Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, Clár an Rialtais 2020, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Lú 2019-2024 agus an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud an Phlean agus breithniú a dhéanamh, más cuí, ar leagan malartach den phlean forbartha chun comh-sheasmhacht a chinntiú leis an gcur chuige maidir le hathrú aeráide atá molta in aon Treoirlínte athbhreithnithe a bhaineann leis an bPlean Forbartha a bhfuil glactha leo. |

#### 12.7.1.1 Leictreachas

Mar a tugadh faoi deara i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, leictreachas ba ea 19.3% de gháis ceaptha teasa na hÉireann in 2017 agus tá sé tábhachtach, dá réir sin, go mbeadh an leictreachas a úsáidimid á dhícharbónú againn trí thairbhe a bhaint as ár n-acmhainní suntasacha fuinneamh in-athnuaite. Laghdóidh forbairt den chineál sin spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus foinsí seachtracha, feabhsóidh an fhorbairt sin an meascán fuinnimh agus soláthróidh sé soláthar seasmhach, laghdóidh sé astaíochtaí gás ceaptha teasa agus cruthófar buntáistí timpeallachta agus cosnófar i gcoinne an athraithe aeráide.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an raon teicneolaíochtaí nua agus forbarthacha a d'fhéadfadh cabhrú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a íoslaghdú, a sholáthraíonn soláthar fuinnimh slán agus cobhsaí agus a chinntíonn go bhfuil céatadán níos mó dár bhfuinneamh ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an mbealach suntasach a d'fhéadfadh gaothfhuinneamh, grianfhuinneamh agus fuinneamh bithmhaise feidhmiú mar réiteach inbhuanaithe le haghaidh riachtanas fuinnimh agus ar an ról lárnach atá aige i spriocanna náisiúnta maidir le laghduithe breoslaí iontaise a chomhlíonadh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin.

Tá na cuspóirí beartais atá le fáil sa Phlean agus a chabhraíonn le spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide maidir le Fuinneamh sonraithe i dTábla 12.1 ag deireadh na caibidle seo.

#### 12.7.1.2 Timpeallacht Thógtha

Is é an sainmhíniú ginearálta atá luaite le timpeallacht thógtha - na struchtúir shaorga, de dhéantús an duine ina mairimid, ina n-oibrímid agus ina mbímid ag spraoi. Cuimsítear gach dromchla saorga, lena n-áirítear foirgnimh, bóithre, cosáin etc. faoi cheannteideal na timpeallachta tógtha. An timpeallacht thógtha ba chúis le 12.7% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann in 2017 (Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019).

Ní hionann foirgnimh nua ach céatadán beag den timpeallacht thógtha agus tá béim ar leith á leagan i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 ar straitéis chun foirgnimh reatha a fhorbairt ionas go mbeidh caighdeáin chearta á gcomhlíonadh acu. Tá na cuspóirí beartais atá le fáil sa Phlean agus a chabhraíonn le spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide maidir leis an Oidhreacht Thógtha sonraithe i dTábla 12.2.

#### 12.7.1.3 Iompar

An earnáil iompair ba chúis le 19.8% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann in 2017. Chuir an patrún lonnaíochta scaipthe agus an dlús daonra íseal atá le tabhairt faoi deara i bhformhór na tíre, le céatadán ard aistear a bheith á ndéanamh i gcarranna príobháideacha agus tá bacainn cruthaithe aige seo ar sholáthar inbhuanaithe iompair phoiblí. Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den earnáil iompar a laghdú, tá ceanglas ann dlús a chur le forbairt níos dlúithe, níos nasctha agus tús áite a thabhairt d'fheithiclí astaíochtaí ísle.

Le cois cur le táirgeadh astaíochtaí gás ceaptha teasa, cuireann truailliú astaithe ó iompar le caighdeán aeir íseal, i bhfoirm níos mó micreacháithníní agus ocsaídí nítrigine, a laghdaíonn caighdeán saoil daoine agus a dhéanann dochar dá sláinte.

Deimhníodh i nDaonáireamh 2016 gurb é an carr an modh iompair is mó úsáide i gContae Lú agus tá breis is 63% d'oibrithe ag tiomáint chun na hoibre agus breis is 50% de mhic léinn ag taisteal chun na scoile nó chuige an gcoláiste sa charr. Dá réir sin, tá bearta maolaithe (atá sonraithe i dTábla 12.3 ag deireadh na caibidle seo) cuimsithe sa Phlean d'fhonn a chinntiú go ndírítear ar na earnáil iompair laistigh den straitéis fhoriomlán um ghníomhú ar son na haeráide agus go bhfuil an earnáil iompair ailínithe le cuspóirí Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019.

Tacaíonn an Plean leis an sprioc atá luaite le níos mó Feithiclí Leictreacha (EVanna) a bheith in úsáid in Éirinn laistigh de na Treoirlínte Bainistíochta Forbartha atá sonraithe i gCaibidil 13. Ceanglaíonn na treoirlínte seo go gcuirfear pointí luchtaithe ar fáil le haghaidh Feithiclí Leictreacha, lena n-áirítear an sreangú agus an duchtú cuí.

### 12.7.1.4 Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Talamhúsáid

Gineann talmhaíocht an tríú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann, an earnáil is mó a chuireann le hastaíochtaí Gás Ceaptha Teasa foriomlána na hÉireann, breis is 30% den fhigiúr iomlán. Tá córais táirgthe na hÉireann níos éifeachtaí cheana féin i dtéarmaí éifeachtúlachta le haghaidh gach aonad táirgthe. Tarraingíonn sé seo aird ar na dúshláin atá le sárú ag an earnáil chun bearta costéifeachtacha breise a shainaithint chun teorainn a chur le hastaíochtaí.

Tá ról lárnach ag an bPlean Forbartha i dtéarmaí talamhúsáide agus idirghníomhaíocht le hathrú aeráide.

Tá ról lárnach ag dífhoraoisiú in athrú aeráide, agus i láthair na huaire is é dífhoraoisiú is cúis le 17% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an domhain.

É sin ráite, soláthraíonn foraoiseacht raon deiseanna chun méaduithe ar leibhéil gás ceaptha teasa a mhaolú:

- foraoisiú/dífhoraoisiú;
- bainistíocht foraoise;
- dífhoraoisiú laghdaithe (athrú talamhúsáide ó úsáid foraoise go dtí úsáid neamhfhoraoise);
- níos mó úsáide a bhaint as táirgí adhmaid;
- Úsáid a bhaint as táirgí foraoise le haghaidh bithfhuinnimh in ionad úsáid a bhaint as breoslaí iontaise; agus
- Tacú le díleá anaeróbach chun tionchar antrapaigineach téamh aeráide na dramhaíola talmhaíochta a laghdú agus bithghás a tháirgeadh, nach nglactar leis mar bhreosla iontaise.

I láthair na huaire, sáraíonn an taisce charbóin i bhforaoisí na hÉireann aon bhilliún tona de dhé-ocsaíd charbóin. Is in ithir atá a bhformhór de seo. Sonraítear i dTábla 12.4 spriocanna sonracha atá le fáil laistigh de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus na cuspóirí beartais comhfhreagracha laistigh den Phlean seo a chabhróidh leis na spriocanna náisiúnta seo a chomhlíonadh.

### 12.7.1.5 Fiontraíocht

Tagann an sciar is mó d'astaíochtaí fiontraíochta ón earnáil déantúsaíochta, ceimiceáin, próiseáil bia, deochanna agus suimint den chuid is mó, ach is earnáil réasúnta beag atá ann in Éirinn, níl ach 74 cuideachta ar fad i gceist. Tá siad seo clúdaithe faoi Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS). Tá ETS AE dírithe ar astaíochtaí ar féidir iad a thomhas, a thuairisciú agus a fhíorú go beacht agus clúdaítear dé-ocsaíd charbóin (CO2), ocsaíd nítriúil (N2O) agus sárfhluaracarbóin (PFCanna).

Tá éagsúlacht mhór ag baint le hastaíochtaí ó fhiontraíocht nach gcuimsítear in ETS AE, agus baineann céatadán mór le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna). Tá roghanna éagsúla ar fáil chun astaíochtaí a laghdú laistigh den earnáil.

Cuimsítear ina measc seo méadú san úsáid atá á baint as teicneolaíocht ísealcharbóin agus teicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh, agus aistriú chuig soláthairtí fuinnimh ísealcharbóin. Tá na cuspóirí beartais atá le fáil sa Phlean agus a chabhraíonn le spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide maidir le Fuinneamh sonraithe i dTábla 12.5 ag deireadh na caibidle seo.

### 12.7.2 Oiriúnú don Athrú Aeráide

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le hOiriúnú don Athrú Aeráide - 'an próiseas a bhaineann le dul in oiriúint don aeráid iarbhír nó ionchais agus a héifeachtaí. I gcórais dhaonna, tá sé mar aidhm le hoiriúnú srian a chur le díobháil nó díobháil a sheachaint nó tairbhe a bhaint as deiseanna fóinteacha. I gcórais nádúrtha áirithe, d'fhéadfadh idirghabháil dhaonna oiriúnú chuig an aeráid ionchais agus a héifeachtaí a éascú' (IPCC, 2014), i.e. déileáil le héifeachtaí agus tionchair dhosheachanta an athraithe aeráide.

Ba é tátal Thuarascáil Speisialta ar Théamh Domhanda an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) 2018 go mbeidh tionchair agus costais téamh domhanda 1.5°C i bhfad níos suntasaí ná mar a bhí súil leis. Le deich mbliana anuas tá déine agus minicíocht stoirmeacha, dóiteáin foraoise, triomaigh, tuaradh coiréil, tonnta teasa agus tuilte ag tarlú ar fud an domhain mar gheall ar théamh domhanda 1°C. Thuairiscigh IPCC go bhféadfaí 1.5°C a shroicheadh in imeacht 11 bhliain agus táthar beagnach cinnte go dtarlóidh sé sin laistigh de 20 bliain gan laghduithe suntasacha ar astaíochtaí CO2.

Tá sé tuartha go méadóidh na rioscaí aeráidghaolmhara do shláinte, slite beatha, slándáil bia, soláthar uisce, slándáil an duine, agus fás geilleagrach tuilleadh má bhíonn an téamh domhanda cothrom le 1.5°C, agus go méadóidh na rioscaí tuilleadh má bhíonn téamh domhanda de 2°C i gceist.

Ag leibhéal áitiúil, tugann réamh-mheastacháin Met Éireann le fios go mbeidh méadú 1°C –1.6°C le tabhairt faoi deara sna meánteochtaí bliantúla, agus go mbeidh na méaduithe is mó le tabhairt faoi deara in oirthear an chontae.

Réamh-mheastar go n-ardóidh teochtaí laethúla idir 0.7°C–2.6°C i rith an tsamhraidh agus go méadóidh na teochtaí oíche is ísle 1.1°C–3°C i rith an gheimhridh.

Léirítear in ionsamhlúcháin ísealscála Met Éireann laghduithe suntasacha réamh-mheasta i meánmhéideanna frasaíochta bliantúla, earraigh agus samhraidh faoi lár an chéid. Baineann na laghduithe réamh-mheasta is mó leis an samhradh, idir 0% agus 13% agus idir 3% agus 20% le haghaidh cásanna astaíochtaí meánacha-ísle agus arda, faoi seach. Tá méaduithe suntasacha de thart ar 20% le tabhairt faoi deara i dteagmhais throma frasaíochta i rith mhíonna an gheimhridh agus an fhómhair. Tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na dtréimhsí tirime fada faoi lár na haoise i rith an fhómhair agus an tsamhraidh.

Baineann na méaduithe réamh-mheasta is airde i rith tréimhsí tirime leis an samhradh, agus tá luachanna idir 12% agus 40% luaite leis an dá chás astaíochtaí.[1]

Tá Clár Rioscaí Aeráide curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Contae Lú mar chuid de Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Chontae Lú 2019-2024.

[1] https://www.met.ie/climate/climate-change

Sonraítear sa chlár seo tionchair shonracha an athraithe aeráide a tharlaíonn mar thoradh ar theagmhais ghuaise aeráide éagsúla cosúil le dálaí tonnta teasa, dianfhrasaíocht, dianteagmhais ghaoithe agus dianteagmhais fhuara agus/nó sneachta. Tá achoimre de na rioscaí seo le fáil i bhFigiúr 12.2.

Figiúr 12.2 – Achoimre ar an gClár Rioscaí Aeráide

| | | |
|---|---|---|
| **Leictreachas** |  | • Damáiste do sheirbhísí fóntais suite faoi nó gar do bhóithre i rith dianteagmhas fuar nó sneachta;<br>• Minicíocht mhéadaithe de chábláí lasnairde cumhachta agus cumarsáide tite mar thoradh ar ghníomhaíocht stoirme. |
| **Timpeallacht Thógtha** |  | • Ceanglas athchóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh a raibh tionchar ag tuilte orthu i rith tréimhsí dianfrasaíochta;<br>• Minicíocht mhéadaithe damáiste ó ghníomhaíocht stoirme ar stoc tithíochta na comhairle;<br>• Damáiste do stoc tithíochta cosúil le píopaí pléasctha a tharlaíonn mar gheall ar dhálaí reo. |
| **Iompar** |  | • Meath dromchlaí bóthair mar gheall ar nochtadh fada do theochtaí arda i rith tonnta teasa;<br>• Meath méadaithe bóithre mar thoradh ar ghluaiseacht/crapadh talún i rith tonnta teasa;<br>• Méadú ar an damáiste do bhonneagar iompair lena n-áirítear bóithre a bheith faoi thuilte agus damáiste do struchtúir droichid agus sciorrthaí talún poitéinsiúla i rith tréimhsí dianfrasaíochta;<br>• Méadú ar leibhéil abhann a bhíonn mar bhonn le bruacha ag briseadh agus bóithre & cosáin a bheith faoi thuilte, nó aibhneacha chomh hard sin go gcoisceann siad draenáil uisce dromchla ó dhromchlaí bóithre i rith tréimhsí dianfrasaíochta;<br>• Minicíocht mhéadaithe bac ar bhóithre mar thoradh ar chrainn agus línte cumhachta tite agus damáiste do chomharthaí bóthair, troscán sráide agus soilsiú poiblí i rith coinníollacha stoirme; |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Minicíocht mhéadaithe de bhóithre dúnta mar gheall ar shneachta;<br>• Meath méadaithe an bhonneagair bóthair agus droichid mar gheall ar choinníollacha reo is coscartha. |
| **Talmhaíocht, Foraoiseacht & Talamhúsáid** |  | • Méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine tinte i limistéir foraoise, limistéir ardtalaimh, limistéir aitinn agus phortaigh agus limistéir áineasa/ caitheamh aimsire i rith coinníollacha tonnta teasa;<br>• Infhaighteacht laghdaithe foinsí uisce chun tinte a chomhrac i rith coinníollacha tonnta teasa. |
| **Timpeallacht Nádúrtha** |  | • Falscaithe i limistéir ina bhfuil luach ard bithéagsúlachta agus gnáthóige i rith teagmhas tonnta teasa agus triomaigh;<br>• Breis éilimh ar uiscí snámha i rith teagmhas tonnta teasa agus triomaigh;<br>• Sreabhadh laghdaithe in aibhneacha agus sruthanna i rith teagmhas tonnta teasa agus triomaigh<br>• Méadú ar líon na speiceas Ionrach a bhfeileann teochtaí níos airde agus coinníollacha níos tirime dóibh;<br><br>• Méadú ar uisce dromchla a ritheann chun srutha rud is cúis le cothaithigh a bheith ag dul isteach in aibhneacha, sruthanna agus lochanna i rith teagmhas dianfhrasaíochta;<br>• Athruithe ar mhoirfeolaíocht abhann (e.g. creimeadh bruaigh) mar gheall ar rátaí sreafa méadaithe i rian teagmhas dianfhrasaíochta;<br>• Bithéagsúlacht agus gnáthóga a bheith á gcailleadh i limistéir faoi thuilte mar thoradh ar theagmhais dianfhrasaíochta;<br>• Beidh teochtaí ísle mar bhonn le méadú ar an líon foinsí carbóin truaillithe atá á ndó, agus beidh tionchar acu sin ar chaighdeán an aeir agus ar shláinte phoiblí. |

### 12.7.3 Dul in Oiriúint d'Athrú Aeráide laistigh de Lú

#### 12.7.3.1 Pleanáil Talamhúsáide Comhtháite

Tá ról lárnach ag beartas talamhúsáide spásphleanála i bhfás dlúth agus inbhuanaithe ár gcathracha, bailte agus sráidbhailte a chinntiú. Tá ról bunúsach ag pleanáil agus iompar talamhúsáide comhtháite i ndáil le spleáchas ar charranna a laghdú agus astaíochtaí carbóin a laghdú.

Tá béim ar leith á leagan ar an bpointe seo sa Phlean a chiallaíonn go bhfuil athrú aeráide leabaithe i mbeartais pleanála talamhúsáide agus iompair.

Tá an Chroístraitéis dírithe ar chuspóir sáraitheach CNP agus RSES maidir le dlúthfhás a chinntiú i gceantair uirbeacha.

Cuireadh anailís ar láithreáin athfhorbraíochta agus inlíonta oiriúnacha a bhfuil an poitéinseal acu tithe nua a sholáthar i gcrích le haghaidh Droichead Átha, Dún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire agus sna lonnaíochtaí fanta ag Leibhéal 3. Glactar leis gur gné lárnach de níos mó úsáide a bheith á baint as modhanna iompair inbhuanaithe é dlúthfhás a chinntiú.

Laghdaíonn sé seo an spleáchas ar an gcarr trí rochtain níos éasca ar chonairí iompair phoiblí a éascú agus rothaíocht agus siúl a spreagadh.

Tá beartas laistigh den Phlean dírithe ar thús áite a thabhairt d'fhás spriocdhírithe daonra agus geilleagrach in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

Is é an aidhm atá ann leanúint ag tacú lena bhfás inbhuanaithe agus lena ndlúthfhás mar thiománaithe réigiúnacha chuig scála cathrach, agus go mbeadh an spriocdaonra cothrom le 50,000 faoi 2031 agus go mbeadh feabhsuithe ar naisc iompair inbhuanaithe ag tacú leis mar aon leis an mbonneagar riachtanach chun cur ar chumas bailte fás agus barr a gcumais a bhaint amach.

Spreagann an Chroístraitéis dlús níos airde agus airdí foirgnimh méadaithe i limistéir atá gar do bhealaí iompair phoiblí.

Tá ról lárnach ag an ngá atá le tithíocht tuaithe aonuaire faoin tuath i gcinntiú go bhfuil patrúin lonnaíochta ailínithe le prionsabail an athraithe aeráide.

Admhaítear sa Phlean, fad is atá iarracht á déanamh againn tionchair an athraithe aeráide a mhaolú, go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh patrúin forbartha amach anseo mar bhonn lenár lorg carbóin a laghdú, an timpeallacht a chosaint agus tacú le bealaí maireachtála níos inbhuanaithe. Chuige sin, tá éileamh tithíochta tuaithe á threorú ag an bPlean i dtreo sráidbhailte tuaithe ar an gcéad dul síos.

#### 12.7.3.2 Bonneagar Glas

Tá ról suntasach le himirt ag bonneagar glas san aistriú chuig sochaí agus geilleagar ísealcharbóin agus chun na rioscaí suntasacha a bhaineann le costais fuinnimh atá ag ardú agus oiriúnú don athrú aeráide a mhaolú. D'fhéadfaí go n-áireofaí i mbonneagar glas roinnt gnéithe éagsúla cosúil le hardtailte, bogaigh, coillearnacha, aibhneacha, lochanna agus limistéir chósta, a bhfuil ról tábhachtach acu ar fad i ndáil le hoiriúnú aeráide.

Tá Straitéis Bonneagair Ghlais cuimsitheach bunaithe ag an gComhairle, a bhfuil sé mar aidhm léi conairí fiadhúlra a neartú agus/nó a chruthú idir croí-limistéir idirnasctha chun tairbhe na bithéagsúlachta, deiseanna feabhsaithe caitheamh aimsire amuigh faoin aer, taitneamhacht amhairc agus folláine ghinearálta.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an ról tábhachtach atá ag bonneagar glas cosúil le glasbhealaí i maolú agus in oiriúnú aeráide.

Tá prionsabail chur chuige an bhonneagair ghlais i ndáil le pleanáil talamhúsáide leabaithe mar théama leathan i mbeartais agus i gcuspóirí an Phlean seo.

Tacaíonn an Plean le gréasán bonneagair ghlais reatha Chontae Lú agus áirítear ann beartas suntasach Straitéisí Bonneagair Ghlais sonracha a ullmhú le haghaidh Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

### 12.7.3.3 Glasbhealaí

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an gComhairle i nGlasbhealaí. Is conair 7 gciliméadar é Glasbhealach an Oirthir a ritheann ó Chairlinn chomh fada le Ó Méith feadh chladach theas Loch Cairlinn. Tá sé beartaithe tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an nglasbhealach seo chomh fada le an tlúr agus Dún Dealgan rud a chiallóidh go mbeidh an chonair thart ar 55 ciliméadar ar fad.

I dtreo dheisceart an Chontae, tá céim a haon de Ghlasbhealach na Bóinne, i nDroichead Átha, curtha i gcrích. Síneann an stráice seo den ghlasbhealach ó Pháirc Dhoiminic ag bruach theas na Bóinne chomh fada le hIonad Cuairteoirí na Bóinne ag An Seandroichead.

Cuimsítear i gcéimeanna den Ghlasbhealach seo a gcuirfear i gcrích amach anseo síneadh idir Droichead Átha agus Baile Uí Mhornáin. Táthar ag súil go mbeidh an bealach forbartha ag dul trí Dhroichead Átha agus feadh imeall dheisceart na Bóinne, ar an taobh thoir den bhaile agus amach chomh fada le Baile Uí Mhornáin.

Le déanaí, d'éirigh le Comhairle Contae Lú maoiniú luach €200,000 a fháil chun an Glasbhealach ar an Taobh ó Thuaidh a fheabhsú ag Meille i nDroichead Átha. Tá an maoiniú seo leithdháilte faoi Scéim Bonneagair Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer, tionscnamh comhpháirteach idir an Roinn Tuaithe agus Pobail agus Fáilte Éireann.

### 12.7.3.4 Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte

Is iad tuilte an ghuais nádúrtha is coitianta agus an tríú guais is mó lena luaitear damáiste dhomhanda i ndiaidh stoirmeacha agus creathanna talún. Táthar ag súil go mbeidh an t-athrú aeráide mar bhonn le riosca i gcás tuilte a mhéadú trí dhianfhrasaíocht níos minice, trí fhliche dobharcheantair méadaithe agus ardú ar leibhéal na mara.

Tá sé mar aidhm le spásphleanáil éifeachtaí díobhálacha tuilte a laghdú trí shrian a chur le tionchar tuilte ar shláinte an duine agus ar bhonneagar geilleagrach. Cuirtear é seo i gcrích trí thalamhúsáid oiriúnach tuilemhánna a phleanáil. Tá ról lárnach ag an Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA) sa chomhthéacs seo chun eolas a chur ar fáil le haghaidh na gcuspóirí beartais agus cuspóirí criosaithe talamhúsáide an Phlean.

Tá an Plean bunaithe ar Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (atá le fáil in Imleabhar 5) agus á threorú ag beartais agus cuspóirí stuama maidir le Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte, atá deartha d'fhonn a chinntiú go mbeidh forbairt amach anseo, i limistéir atá i mbaol tuilte, ag teacht le 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála' (2009). Tá an bhonnlíne le haghaidh SFRA bunaithe ar dhobharcheantar Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus sonraí faoi Mheasúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM), sonraí Réamh-mheasúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (PFRAM) agus Limistéar um Measúnú Breise (AFAnna).

Admhaítear i SFRA, i bhfianaise an athraithe aeráide, go bhfuiltear ag súil go n-athróidh minicíocht, patrún agus déine tuilte agus go ndéanfaidh siad níos mó damáiste, rud a chiallaíonn go bhfuil an tionchar is dócha a bheidh ag an athrú aeráide ar thuilte abhann agus cósta breithnithe freisin. Tá na cinntí maidir le talamhúsáid straitéiseach atá déanta laistigh den Phlean seo bunaithe ar thorthaí SFRA.

Tá Comhairle Contae Lú tar éis a bheith ag obair i ndlúthpháirt le OPW i ndáil le scéimeanna faoisimh tuilte pleanáilte laistigh den Chontae.

Éilíonn na scéimeanna seo infheistíocht shuntasach chaipitil. I ndiaidh maoiniú a leithdháileadh, tá an Chomhairle anois ag iarraidh Scéim Faoisimh Tuilte Dhroichead Átha & Bhaile Trá, Scéim Faoisimh Tuilte Dhún Dealgan, na gCreagacha Dubha & Bhaile Átha Fhirdhia agus Scéim Faoisimh Tuilte Chairlinn & an Ghrianfoirt a chur i gcrích thar shaolré an Phlean seo.

### 12.7.3.5 Athghiniúint Uirbeach agus Tuaithe

Tá an poitéinseal ag athghiniúint uirbeach agus tuaithe athghiniúint bailte agus sráidbhailte in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú go suntasach. D'fhéadfadh tionscadail athghiniúna cabhrú le beocht a chinntiú i gceantair uirbeacha agus thuaithe atá ag meath, rud a d'fhéadfadh athghiniúint shóisialta agus gheilleagrach a spreagadh.

Díríonn athghiniúint uirbeach go háirithe ar atheagrú agus ar uasghrádú na timpeallachta tógtha reatha seachas forbairt láithreán úrnua a phleanáil. Tá fianaise le fáil ar an tionchar dearfach atá ag tionscadail athghiniúna uirbí agus tuaithe i gCiste um Athghiniúint Uirbeach & Tuaithe an Rialtais.

Príomhcheanglas le haghaidh incháilitheachta faoin dá scéim é an bealach a mbeidh tionscadal ag cabhrú leis an aistriú chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, seasmhach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.

Leagtar béim sa Phlean ar an tábhacht a bhaineann le ceantar athghiniúna laistigh den Chontae agus sainaithnítear roinnt ceantar athghiniúna i nDroichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia. Tá an poitéinseal ag na ceantair atá sainaitheanta dlúthfhás inbhuanaithe a spreagadh agus ag an am céanna aistriú chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide.

Chomh maith leis sin, d'éirigh le Comhairle Contae Lú, maoiniú a fháil le haghaidh na dtionscadal athghiniúna seo a leanas go dtí seo;

- Athghiniúint Bhaile Átha Fhirdhia & Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia;
- Westgate Vision, Droichead Átha;
- Long Walk Quarter;
- Cónaí i gCairlinn-Cuairt ar Chairlinn.

Cabhróidh gach ceann de na scéimeanna seo le forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú agus lár na mbailte agus na sráidbhailte faoi seach a fheabhsú.

Admhaítear sa Phlean seo an ról tábhachtach atá ag tionscadail athghiniúna uirbeacha agus tuaithe i ndáil le gníomhú ar son na haeráide agus tá fianaise ar an méid seo le fáil i mbeartais athghiniúna agus i gcuspóirí criosaithe sonracha.

### 12.7.3.6 Fuinneamh In-athnuaite

Tá cur chuige réamhghníomhach ag Comhairle Contae Lú maidir le tacú le fuinneamh in-athnuaite laistigh den Chontae. Rinne an Chomhairle iarracht ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla trí acmhainní fuinnimh in-athnuaite a úsáid. In 2017, suiteáladh painéil PV ar chuid de dhíon oifig na Comhairle i nDún Dealgan. Gineann na painéil PV seo 11KW de leictreachas agus táthar ag súil go nginfidh siad thart ar 8,500KW uair an chloig de leictreachas nó thart ar 3% den úsáid fuinnimh bhliantúil laistigh den fhoirgneamh.

Chomh maith leis sin, príomhpháirtí ba ea an Chomhairle i dTionscadal Dhún Dealgan 2020 agus glacadh páirt i dTionscadal Concerto, atá á mhaoiniú ag an AE, dá bharr. Ba é Dún Dealgan an chéad phobal um fhuinneamh inbhuanaithe faoi Chlár Phobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) SEAI.

Cuid de chlár Dhún Dealgan 2020 ba ea comhoibriú idir údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí gairmiúla, gnóthaí agus grúpaí pobail áitiúla, agus ba é an aidhm a bhí acu úsáid fuinnimh a laghdú, spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh agus fuinneamh in-athnuaite a shuiteáil nuair ab fhéidir. Glactar le Dún Dealgan 2020 mar thionscadal eiseamláireach le haghaidh tionscadal den chineál céanna a bheidh á gcur i gcrích ar fud na hÉireann amach anseo.

Tá an Chomhairle airdeallach ar ról an Phlean i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt laistigh den Chontae. Ó glacadh le Plean Forbartha Chontae Lú 2015-2021, tá cead pleanála tugtha ag an gComhairle le haghaidh roinnt feirmeacha gréine sa Chontae. Cuimsítear ina measc seo *Solar PV Energy Developments* ag Dún Léire, An Corrbhaile agus Eastát Theach Bhéilinn, Droichead Átha.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an raon teicneolaíochtaí nua agus forbarthacha a d'fhéadfadh cabhrú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a íoslaghdú, a sholáthraíonn soláthar fuinnimh slán agus cobhsaí agus a chinntíonn go bhfuil céatadán níos mó dár bhfuinneamh ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite.

Go háirithe, tá an Chomhairle airdeallach ar an mbealach suntasach a d'fhéadfadh gaothfhuinneamh feidhmiú mar réiteach inbhuanaithe glan le haghaidh riachtanas fuinnimh agus ar an ról lárnach atá aige i spriocanna náisiúnta maidir le laghduithe breoslaí iontaise a chomhlíonadh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, tacóidh agus éascóidh an Chomhairle forbairt grianfhuinnimh, tacófar le dearadh éighníomhach grianfhuinnimh, PV gréine agus griantéamh uisce i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá á n-iarfheistiú.

Tacaíonn na cuspóirí beartais atá sonraithe sa Phlean seo le príomhfhoinsí fuinnimh in-athnuaite cosúil le gaoth, grian agus bithfhuinneamh, faoi réir breithniúchán timpeallachta.

Tábla 12.1 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Leictreachas

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 50–55% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Soláthrófar céimniú amach luath agus iomlán giniúint leictreachais guail agus móna.**<br><br>**Méadófar an leictreachas arna ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite go dtí 70%, a gcuimseofar ann, go táscach:**<br>• **ar a laghad 3.5 GW d'fhuinneamh in-athnuaite eischósta**<br>• **suas le 1.5 GW de ghrianfhuinneamh ar scála eangaí**<br>• **suas le 8.2 GW ar fad den acmhainn gaoithe ar talamh.** | **IU 56** | Tacú le forbairt gaothfhuinnimh, de réir bheartas agus threoir an Rialtais agus 'Treoirlínte um Fhorbairt Gaothfhuinnimh' (2006) nó aon leasuithe a d'fhéadfaí a eisiúint thar shaolré an Phlean. |
| | **IU 610** | Tacú le forbairtí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta faoi réir gnáthbhreithniúchán pleanála, lena n-áirítear go háirithe an tionchar a bheidh ag a leithéid ar cheantair lena mbaineann íogaireacht timpeallachta nó tírdhreacha. |
| | **IU 64** | Tacú le forbairt bonneagar grianfhuinnimh sa Chontae lena n-áirítear "Feirmeacha Grianfhuinnimh" ar scála tráchtála, PV gréine, suite ar an talamh, faoi réir cosaintí timpeallachta agus cosaint gnéithe nádúrtha agus gnéithe den oidhreacht thógtha, bithéagsúlacht agus radhairc. |
| | **IU 49** | Tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta, náisiúnta agus Contae a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a shrianadh agus a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus forbairt acmhainní fuinnimh in-athnuaite ag suíomhanna oiriúnacha, trí úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha an Chontae, ar bhealach atá inghlactha ó thaobh na timpeallachta de faoi réir gnáthbhreithniúchán ceart pleanála lena n-áirítear go háirithe an tionchar ar cheantair lena mbaineann íogaireacht timpeallachta nó tírdhreacha. |
| | **IU 50** | Comhoibriú leis na húdaráis chuí ó thuaidh agus ó dheas den teorainn ar mhaithe le fuinneamh in-athnuaite a sholáthar ar fud an oileáin. |
| | **IU 51** | Tacú le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéal an tomhaltais fuinnimh sa Chontae a laghdú. |
| | **IU 52** | Straitéis Fuinneamh In-athnuaite a chur i dtoll a chéile laistigh de bhliain amháin ó ghlacadh leis na Treoirlínte Gaothfhuinnimh Athbhreithnithe. Tabharfar aird sa straitéis seo ar 'Modheolaíocht le haghaidh Straitéisí Fuinnimh In-athnuaite Údaráis Áitiúil', (SEAI) agus comhlíonfar ceanglais Threoir SEA & na Treorach maidir le Gnáthóga. |

<table>
<tr><th>Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna</th><th colspan="2">Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais</th></tr>
<tr><td rowspan="8">Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 50–55% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.<br><br>Soláthrófar céimniú amach luath agus iomlán giniúint leictreachais guail agus móna.<br><br>Méadófar an leictreachas arna ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite go dtí 70%, a gcuimseofar ann, go táscach:<ul><li>ar a laghad 3.5 GW d’fhuinneamh in-athnuaite eischósta</li><li>suas le 1.5 GW de ghrianfhuinneamh ar scála eangaí</li><li>suas le 8.2 GW ar fad den acmhainn gaoithe méadaithe ar talamh.</li></ul></td><td>IU 53</td><td>Tacú le sainaithint, i gcomhar le EMRA, Criosanna Straitéiseacha Fuinnimh, ceantair atá oiriúnach le haghaidh tionscadal mór giniúna fuinnimh laistigh de Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.</td></tr>
<tr><td>IU 55</td><td>Tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Glas an AE, Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 (nó aon phlean ina dhiaidh sin), Clár an Rialtais 2020, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide le haghaidh Chontae Lú agus an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide agus bearta a éascú a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.</td></tr>
<tr><td>IU 69</td><td>Tacú le forbairt táirgeadh bithgháis agus teicneolaíochtaí líonraithe ag suíomhanna oiriúnacha agus faoi réir na ngnáthbhreithniúchán pleanála agus timpeallachta.</td></tr>
<tr><td>IU 70</td><td>Tacú le suiteáil Téimh Ceantair agus é a spreagadh más praiticiúil ar fud an Chontae, agus taitneamhacht chónaithe a chosaint ag an am céanna.</td></tr>
<tr><td>HOU 30</td><td>Dearadh agus leagan amach foirgnimh a spreagadh a bhaineann lántairbhe as solas an lae agus as aeráid nádúrtha agus a chuimsíonn bearta éifeachtúlachta agus caomhnaithe fuinnimh a bheidh mar bhonn le feidhmíocht timpeallachta foirgneamh a fheabhsú ar aon dul le dea-chleachtas.</td></tr>
<tr><td>IU 73</td><td>Tacú le forbairt inbhuanaithe tionscadal hidrileictreach ar aibhneacha agus lochanna sa chás nach bhfuil aon tionchar éiceolaíoch acu ar aon láithreáin ag a bhfuil ainmniúchán AE nó náisiúnta agus/nó tionchar díobhálach ar speicis fionnuisce agus pasáiste gan bhac iasc.</td></tr>
<tr><td>IU 74</td><td>Tacú le forbairt tonnfhuinnimh agus fuinneamh taoidmhear in uiscí oiriúnacha amach ó chósta Chontae Lú faoi réir chosaint gnáthóg mhuirí thábhachtach agus breithniúchán inghlactha amhairc agus timpeallachta.</td></tr>
<tr><td>IU 75</td><td>Tacú le forbairt suiteálacha beaga giniúna leictreachais agus teicneolaíochtaí glasa agus iad a éascú, suiteálacha nach mbíonn tionchar diúltach acu ar chaighdeán na timpeallachta, tírdhreach, fiadhúlra agus gnáthóga agus taitneamhachtaí cónaithe.</td></tr>
</table>

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| | **IU 78** | Tacú le treisiú agus forbairt soláthairtí feabhsaithe leictreachais agus gáis agus iad a éascú, agus líonraí gaolmhara, chun freastal ar riachtanais reatha agus thodhchaíocha an Chontae agus an Réigiúin. Áireofar anseo comhtháthú cheanglais an líonra tarchurtha a éascaíonn tograí fuinnimh in-athnuaite a nascadh leis an eangach tarchurtha leictreachais agus gáis, ar bhealach inbhuanaithe agus tráthúil, faoi réir measúnú timpeallachta oiriúnach agus an phróisis pleanála. |

**Tábla 12.2 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Timpeallacht Thógtha**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 40–45% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**An úsáid atá á baint as breoslaí iontaise a laghdú go suntasach, i bhfianaise an méid úsáide atá á baint as gás, ola, gual agus móin san earnáil.**<br><br>**Líon na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe a mhéadú go dtí 1,500.**<br><br>**Rolladh amach na Scéime** | **IU 54** | Tacú le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe agus le Grúpthionscnaimh Pobail Áitiúla deiseanna le haghaidh fuinneamh glas a fhorbairt laistigh den Chontae. |
| | **IU 84** | Tacú le cur chun feidhme thionscnaimh Náisiúnta agus Chontae chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a áireamh i ndearadh foirgneamh nua agus foirgnimh reatha a iarfheistiú. |
| | **IU 85** | A chinntiú go n-éiríonn le gach foirgneamh nua sa Chontae caighdeán an Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) a chomhlíonadh de réir na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) ag féachaint do na Treoirlínte le haghaidh Dearadh Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh. |
| | **IU 87** | Dearadh foirgneamh nua nuálach agus iarfheistiú foirgneamh reatha a chur chun cinn más féidir, agus dearadh agus tógáil foirgneamh atá inoiriúnaithe go feidhmiúil a spreagadh, éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh, caomhnú fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú, de réir an bheartais agus na treorach náisiúnta. |
| | **CS 2** | Dlúthfhás a chinntiú i soláthar ar a laghad 30% de gach teach nua i gceantair uirbeacha laistigh den lorg tógtha reatha lonnaíochtaí, trí láithreáin inlíonta, athfhorbraíochta agus athnuachana a fhorbairt agus tús áite a thabhairt d'athfhorbairt talamh tearcúsáidte seachas d'fhorbairt láithreán úrnua. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite (SSRH) a chur i gcrích, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh córais téimh bithmhaise agus díleá anaeróbach.**<br><br>**Astaíochtaí $CO_2$ ón earnáil a laghdú 40–45% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**An úsáid atá á baint as breoslaí iontaise a laghdú go suntasach, i bhfianaise an méid úsáide atá á baint as gás, ola, gual agus móin san earnáil.**<br><br>**Líon na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe a mhéadú go dtí 1,500.** | **CS 5** | Tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Glas an AE, Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, Clár an Rialtais 2020, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Lú 2019-2024 agus an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud an Phlean agus breithniú a dhéanamh, más cuí, ar leagan malartach den phlean forbartha chun comhsheasmhacht a chinntiú leis an gcur chuige maidir le hathrú aeráide atá molta in aon Treoirlínte athbhreithnithe a bhaineann leis an bPlean Forbartha a bhfuil glactha leo. |
| | **CS 20** | Éileamh tithíochta tuaithe a chur i dtreo sráidbhailte tuaithe agus nóid tuaithe ar an gcéad dul síos agus a chinntiú nach gceadaítear tithíocht aonuaire faoin tuath ach amháin sa chás go bhfuiltear in ann a léiriú go bhfuil na critéir le haghaidh tithíocht tuaithe á gcomhlíonadh mar atá sonraithe sa Phlean Forbartha. |
| | **SS 5 &<br>SS 22** | Tacú le hairde mhéadaithe foirgnimh ag suíomhanna oiriúnacha i nDroichead Átha agus Dún Dealgan, faoi réir dearaidh agus scála aon fhoirgnimh, a chuireann ar bhealach dearfach lena thimpeallacht agus sráid-dreach mórthimpeall. |
| | **HOU 10** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail inbhuanaithe a chruthú ar fud an Chontae do dhaoine ag gach céim dá saol trí chruthú comharsanachtaí mealltacha a éascú áit a bhfuil naisc láidre le seirbhísí áitiúla, áiseanna pobail agus limistéir fostaíochta agus áit a dtugtar tús áite do shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí. |
| | **HOU 15** | Tacú le forbairt a éascaíonn dlúthfhás oiriúnach agus comhdhlúthú ceantar uirbeach, a bheidh oiriúnach don chomhthéacs áitiúil agus a bheidh mar bhonn leis an timpeallacht áitiúil ina bhfuil sé lonnaithe a fheabhsú. |
| | **HOU 16** | Tacú le hairde foirgnimh méadaithe i suíomhanna oiriúnacha in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. |
| | **HOU 36** | Tithíocht uirbeach i gceantair thuaithe a dhíspreagadh agus tograí tithíochta den chineál sin a dhíriú ar na bailte agus ar na sráidbhailte i Leibhéil Lonnaíochta 1-4 sa Chontae mar atá sonraithe san Ordlathas Lonnaíochta i dTábla 2.4. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Rolladh amach na Scéime Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite (SSRH) a chur i gcrích, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh córais téimh bithmhaise agus díleá anaeróbach.** | **TOU 21** | Iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil aird á tabhairt ar bhainistíocht timpeallachta dea-chleachtais agus díonadh aeráide forbairtí agus gníomhaíochtaí turasóireachta lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola, soláthar agus athchúrsáil. |
| | **IU 59** | Forbairt ghaothfhuinnimh ar scála beag chun críche uath-thomhaltais a bhreithniú go fabhrach, a thagann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena n-áirítear taitneamhacht chónaithe, impleachtaí oidhreachta, timpeallachta agus tírdhreacha. |
| | **IU 65** | Forbairt bonneagar grianfhuinnimh a spreagadh agus tacú leis le haghaidh úsáid fuinnimh ar an láthair, lena n-áirítear teicneolaíochtaí PV gréine, teirmeacha grianteasa agus stórála séasúracha. |
| | **IU 66** | Úsáid caidéal uisce chun foirgnimh bhaile, tráchtála agus caitheamh aimsire a théamh agus uisce a spreagadh agus tacú leis faoi réir gnáthbhreithniúchán pleanála agus timpeallachta. |
| | **IU 67** | Tacú le forbairt tionscadal a thiontaíonn bithmhais go fuinneamh faoi réir breithniúchán cuí pleanála agus timpeallachta agus forbairt den chineál seo a chur chun cinn. |
| | **IU 91** | Úsáid gnéithe dearaidh láithreánaithe agus tírdhreacha a spreagadh agus tacú leo chun riachtanais fuinnimh a íoslaghdú. |

**Tábla 12.3 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Iompar**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 45–50% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Líon na bhFeithiclí Leictreacha a mhéadú go dtí 936,000.**<br><br>**An líonra luchtaithe Feithiclí Leictreacha a fhorbairt chun tacú le fás Feithiclí Leictreacha ag an ráta riachtanach, agus ár mbonneagar mearluchtaithe a fhorbairt ionas go mbeimid chun tosaigh ar an leibhéal éilimh.** | **MOV 10** | Tacú leis an aistriú chuig Feithiclí Leictreacha agus é a éascú trí rolladh amach pointí luchtaithe leictreacha breise ag suíomhanna oiriúnacha laistigh den Chontae i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha. |
| | **MOV 11** | Soláthar bonneagar luchtaithe leictreachais le haghaidh feithiclí leictreachais a éascú ar an tsráid agus i bhforbairtí nua de réir na gcaighdeán maidir le páirceáil carranna atá sonraithe sna Treoirlínte Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 13. |
| | **NBG 51** | Comhtháthú beart maolaithe athraithe aeráide a cheangal in aon phleananna spásúla a bheidh ann amach anseo agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide i bhforbairtí beartaithe. |
| | **MOV 1** | Oibriú le gníomhaireachtaí iompair náisiúnta chun tacú le gréasán iompair atá ar ardchaighdeán, seasmhach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe sa Chontae. |
| | **MOV 2** | Tacú le cur chun feidhme 'Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide' 2019, agus aon phleananna ina dhiaidh sin, agus go háirithe na bearta atá san áireamh a chabhróidh le sprioc astaíochtaí CO2 a laghdú faoin mbliain 2030 san earnáil iompair mar atá sonraithe i Rannóg 10.2 den 'Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide'. |
| | **MOV 23** | Tacú le comhtháthú talamhúsáide le bonneagar iompair inbhuanaithe de réir cheanglais CBR 8.1 in RSES trí thacú le mais chriticiúil daonra a chruthú agus forbairt fostaíochta a bhainfeadh lántairbhe as infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí agus a chruthódh lonnaíochtaí dlútha, inbhuanaithe. |
| | **MOV 4** | Tacú le forbairt inbhuanaithe níos dlúithe feadh conairí iompair phoiblí. |
| | **MOV 9** | Tacú le hinfheistíocht i mbonneagar iompair inbhuanaithe a chiallóidh go mbeidh siúl, rothaíocht nó iompar poiblí níos mealltaí agus níos tarraingí, agus go mbeidh inrochtaineacht do chách, beag beann ar aois, soghluaisteacht fhisiciúil nó míbhuntáiste sóisialta. |
| | **MOV 14** | Aistriú córa iompair ó úsáid a bheith á baint as an gcarr príobháideach go dtí modhanna iompair níos inbhuanaithe lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a spreagadh. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 45–50% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Líon na bhFeithiclí Leictreacha a mhéadú go dtí 936,000.**<br><br>**An líonra luchtaithe Feithiclí Leictreacha a fhorbairt chun tacú le fás Feithiclí Leictreacha ag an ráta riachtanach, agus ár mbonneagar mearluchtaithe a fhorbairt ionas go mbeimid chun tosaigh ar an leibhéal éilimh.** | **SS 13** | Tacú le hinfheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí agus inbhuanaithe i nDroichead Átha lena n-áirítear forbairt Chlár Forleathnaithe DART a áirítear ann leictriú na líne iarnróid agus síneadh a chur le seirbhísí DART ionas go mbeidh siad ag freastal ar Dhroichead Átha. |
| | **SS 17** | Oibriú le NTA, úinéirí talún áitiúla agus forbróirí chun gréasán comhtháite do choisithe agus do rothaithe a chur chun feidhme ar fud Dhroichead Átha, ag cur san áireamh nach mór tús áite a thabhairt do rothaíocht agus do shiúl seachas modhanna iompair eile. |
| | **SS 18** | Gréasán de limistéir ghlasa a fhorbairt ar fud an bhaile lena n-áirítear glasbhealach a fhorbairt feadh bhruacha thuaidh agus theas na Bóinne ag síneadh ó Halla an Toinlígh chomh fada le Baile Trá agus An Seandroichead go dtí Baile Uí Mhornáin i gCo. na Mí, agus a chinntiú nach bhfuil damáiste á déanamh do shláine láithreáin Natura 2000 na Bóinne. |
| | **SS 21 & SS 4** | Tacú le forbairt inbhuanaithe dlúth, go háirithe i limistéir atá suite go lárnach agus feadh conairí iompair phoiblí agus dlús íosta de 50 aonad/ha a cheangal sna suíomhanna seo. |
| | **SS 31** | Oibriú le NTA, úinéirí talún agus forbróirí áitiúla chun gréasán comhtháite cosán do choisithe agus do rothaithe a chur ar fáil ar fud Dhún Dealgan. |
| | **SS 32** | Gréasán de limistéir ghlasa a fhorbairt ar fud an bhaile, ag cur leis an mbonneagar glas reatha agus le soláthar Ghlasbhealach an Oirthir feadh an chósta lena n-áirítear bonneagar glasbhealaigh agus coisithe a chur ar fáil ar an dá thaobh d'Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan, agus ag an am céanna sláinte láithreáin Natura 2000 Chuan Dhún Dealgan a chothabháil. |
| | **HOU 22** | A cheangal go dtugann forbairtí cónaithe tús áite do agus go n-éascaíonn siad siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus go ndéanann siad socruithe le haghaidh nasc le saoráidí reatha agus le nóid iompair phoiblí sa chomharsanacht ghinearálta. |
| | **MOV 16** | Tacú le Clár Forleathnaithe DART lena n-áirítear bonneagar nua agus leictriú línte reatha feadh líne iarnróid an tuaiscirt chomh fada le Droichead Átha. |
| | **MOV 28** | Siúl agus rothaíocht a spreagadh mar mhodh iompair atá sábháilte, áisiúil, sláintiúil, éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don timpeallacht le haghaidh gach aoisghrúpa. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| | **MOV 30** | Bealaí saor ó thrácht a sholáthar, más féidir, do choisithe agus do rothaithe, go háirithe sa chás go mbeadh bealaí den chineál sin mar bhonn le rogha níos dírí, níos sábháilte agus níos mealltaí seachas an carr a sholáthar. |
| | **NBG 46** | Páirceanna líneacha a fhorbairt, go háirithe feadh uiscebhealaí, agus nasc a chruthú le páirceanna agus spásanna oscailte reatha chun slabhraí glasa a sholáthar a thacaíonn le tréscaoilteacht le haghaidh coisithe agus rothaithe in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. |

**Tábla 12.4 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Talmhaíocht, Foraoiseacht & Talamhúsáid**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **Laghdú carnach de 16.5-18.5 MtCO2eq. a sholáthar.**<br><br>**Laghdú de 26.8 MtCO2eq. a sholáthar trí ghníomhartha LULUCF sa tréimhse idir 2021 agus 2030, ina gcuimsítear:**<br>• **8,000 ha sa bhliain ar an meán d'fhoraois nuaphlandaithe, agus** | **ENV 40** | De réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 (nó aon phlean a thagann ina dhiaidh), tacóidh Comhairle Contae Lú le forbairt inbhuanaithe foraoiseachta ag scála cuí laistigh den Chontae chun déileáil go díreach le gníomhú ar son na haeráide trí cheapadh carbóin agus go hindíreach trí dhíláithriú breosla iontaise. |
| | **ENV 33** | Forbairt foraoiseachta agus forbairt ghaolmhar a spreagadh mar bhealach chun éagsúlú a chinntiú ó ghníomhaíocht thraidisiúnta talmhaíochta atá ag tabhairt tús áite do speicis dhúchasacha. |
| | **ENV 31** | Tacú le beartas náisiúnta a bhaineann le foraoiseacht chun earnáil foraoiseachta atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta agus inbhuanaithe a sholáthraíonn raon iomlán buntáistí geilleagracha, timpeallachta agus sóisialta don tsochaí, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála. |
| | **ENV 38** | Sraitheanna suntasacha crann/fálta/coillearnach reatha a choimeád, agus iarracht a dhéanamh níos mó crann dúchasach a chur, más cuí, i bhforbairtí nua. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **bainistíocht inbhuanaithe foraoise na bhforaoisí reatha (laghdú carnach de 21 MtCO2eq.) ar a laghad 40,000 ha sa bhliain de dhlús bainistíochta laghdaithe féarach ar ithreacha orgánacha draenáilte (laghdú carnach de 4.4 MtCO2eq.)**<br>• **bainistíocht níos fearr féarach, talamh curaíochta agus bogach neamhthalmhaíochta (laghdú carnach de 1.4 MtCO2eq.)**<br><br>**Laghdú carnach de 16.5-18.5 MtCO2eq. a sholáthar.**<br><br>**Laghdú de 26.8 MtCO2eq. a sholáthar trí ghníomhartha LULUCF sa tréimhse idir 2021 agus 2030, ina** | **ENV 312** | Forbairt earnáil foraoiseachta dea-bhainistithe a spreagadh, atá comhoiriúnach le cosaint na timpeallachta lena n-áirítear éifeachtaí suntasacha dóchúla ar láithreáin Eorpacha (SACanna agus SPAnna) agus atá plandaithe, bainistithe agus saothraithe de réir Threoirlínte na Seirbhíse Foraoiseachta maidir leis an Tírdhreach, Saothrú Foraoiseachta agus Caighdeán Timpeallachta, Seandálaíochta, Bithéagsúlachta agus Uisce. |
| | **EE 61** | Éagsúlú na hearnála talmhaíochta a éascú trí thacú le fiontair mhalartacha feirmeoireachta faoi réir nádúr agus úsáid aon fhiontair a bheith comhoiriúnach leis an timpeallacht ina bhfuil sé lonnaithe. |
| | **HOU 38** | Tailte talmhaíochta, spás oscailte nó úsáid caitheamh aimsire atá mórthimpeall ar nó gar do theorainn forbartha bailte agus sráidbhailte sa Chontae a choimeád mar chriosanna dícharbónaithe ar mhaithe le sraoilleáil a chosc agus patrún líneach forbartha, agus a chinntiú go bhfuil deighilt idir limistéir fhoirgnithe agus ceantar tuaithe. |
| | **SC 15** | Pleanáil le haghaidh limistéar spás oscailte agus conairí glasbhealaigh a éascú agus a spreagadh ar bhonn ilfheidhmiúil ina gcuimsítear bearta a bhfuil sé mar aidhm leo éiceachórais a chur chun cinn agus a chosaint, bearta athraithe aeráide agus príomhghnéithe tírdhreacha a chur san áireamh lena n-áirítear breithniúcháin sheandálaíocha ina ndearadh. |
| | **NBG 19** | A chinntiú go bhfuil leibhéal oiriúnach de mheasúnú éiceolaíoch á chur i gcrích le haghaidh tograí a bhfuil draenáil, inlíonadh nó míntíriú gnáthóg bogaigh i gceist leo. |
| | **NBG 20** | Láithreáin bhogaigh a bhfuil rátáil tábhachta A (Idirnáisiúnta), B (Náisiúnta), C+ (Contae), C agus D luaite leo i Suirbhéanna Bogaigh Lú, agus aon leaganacha eile díobh ina dhiaidh sin, a chosaint agus a fheabhsú. |
| | **NBG 21** | Tacú le cur chun feidhme moltaí atá san áireamh i Suirbhé Bogaigh Lú agus aon leaganacha eile díobh ina dhiaidh sin. |
| | **NBG 33** | Measúnú a dhéanamh ar impleachtaí forbairt bheartaithe ar chrainn agus ar fhálta sceach suntasacha atá suite ar thailte atá á mbreithniú le haghaidh forbartha, agus iarracht a dhéanamh iad a áireamh i dtograí dearaidh más cuí agus de réir na nósanna imeachta atá mionsonraithe in Aguisín 6. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **gcuimsítear:**<br>• **8,000 ha sa bhliain ar an meán d'fhoraois nuaphlandaithe, agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise na bhforaoisí reatha (laghdú carnach de 21 MtCO2eq.) ar a laghad 40,000 ha sa bhliain de dhlús bainistíochta laghdaithe féarach ar ithreacha orgánacha draenáilte (laghdú carnach de 4.4 MtCO2eq.)**<br>• **bainistíocht níos fearr féarach, talamh curaíochta agus bogach neamhthalmhaíochta (laghdú carnach de 1.4 MtCO2eq.)** | **NBG 34** | An brat crann dúchasach sa Chontae a mhéadú ionas go mbeidh sé ag feidhmiú mar linnte carbóin freisin trí thacú le cur crann dúchasach agus fálta sceach oiriúnacha feadh bóithre poiblí, sráideanna cónaithe, páirceanna agus limistéir eile de spás oscailte. |
| | **NBG 35** | Tionscnamh a spreagadh atá ag tacú le scéimeanna plandaithe crann agus coillearnach dúchasach príobháideacha agus poiblí ar fud an Chontae, trí úsáid a bhaint as scéimeanna maoinithe atá ar fáil. |
| | **NBG 51** | Comhtháthú beart maolaithe athraithe aeráide a cheangal in aon phleananna spásúla a bheidh ann amach anseo agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide i bhforbairtí beartaithe. |
| | **IU 31** | Cur le feabhsú agus/nó athchóiriú feidhmeanna bainistíochta riosca i gcás tuilte nádúrtha tuilemhánna faoi réir comhlíontacht le reachtaíocht timpeallachta agus infhaighteacht acmhainní. |
| | **IU 32** | A chinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht bainistíochta riosca i gcás tuilte á scrúdú chun cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhartha a theastaíonn chun oiriúnú éifeachtach don athrú aeráide a leabú agus soláthar a dhéanamh lena n-aghaidh mar atá sonraithe i bPlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte OPW a bheidh infheidhme ag an am. |

**Tábla 12.5 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Fiontraíocht**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí thionscal ETS na hÉireann a laghdú idir 10-15% faoi 2030, i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030.**<br><br>**Ní mór go gcuirfeadh an earnáil fiontraíochta le spriocanna níos uaillmhianaí le haghaidh foirgneamh (20-25%) agus iompair (45-50%).** | **EE 23** | Tacú le soláthar áiseanna oibre comhionaid agus mol digiteach a thacaíonn le socruithe oibre solúbtha do ghnóthaí atá bunaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus d'fhiontair nuathionscanta. |
| | **IU 38** | Tacú le rolladh amach bonneagar leathanbhanda agus teileachumarsáide ar ardchaighdeán ar fud an Chontae agus leathnú an bhonneagair a éascú i gceantair thuaithe iargúlta, ar mhaithe le fás geilleagrach, iomaíochas agus cuimsiú sóisialta. |
| | **IU 37** | Tacú le soláthar agus cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. |
| | **IU 84** | Tacú le cur chun feidhme thionscnaimh Náisiúnta agus Chontae chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a áireamh i ndearadh foirgneamh nua agus foirgnimh reatha a iarfheistiú. |
| | **IU 85** | A chinntiú go n-éiríonn le gach foirgneamh nua sa Chontae caighdeán an Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) a chomhlíonadh de réir na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) ag féachaint do na Treoirlínte le haghaidh Dearadh Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh. |
| | **EE 63** | A chinntiú go soláthraíonn gach iarratas ar fhorbairt thionsclaíoch agus fiontraíochta ríomh maidir le lorg carbóin agus go léirítear conas a dhéanfaidh foirgnimh agus próisis/gníomhaíochtaí nua na spriocanna atá sonraithe i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 nó aon leasuithe ar spriocanna i gcrích. |